**Comhairle an Aontais Eorpaigh**
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2024**

**CM 3523/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0117(NLE)**

**PECHE**
**UK**
**N**
**PROCED**

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | LIFE.Fisheries@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 8174 |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta sin - an dara leasú<br>- Údarú chun an nós imeachta i scríbhinn a úsáid<br>- Glacadh an Rialacháin<br>= TÚS AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN |

I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, chinn an Uachtaránacht nós imeachta i scríbhinn a sheoladh chun go nglacfar an Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta sin, mar a leagtar amach in 11136/24 é.

**Iarrtar ar na toscaireachtaí an méid seo a leanas a chur in iúl:**

1) a chomhaontú go n-úsáidfear an nós imeachta i scríbhinn le go nglacfar an Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta sin, mar a leagtar amach in 11136/24 é.
**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, nó NÍ AONTAÍMID a thabhairt mar fhreagra.**

2) aontú go nglacfaí an Rialachán thuasluaite ón gComhairle, mar a leagtar amach in 11136/24 é.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Is tráth a fhreagraítear na ceisteanna ba cheart aon ráitis aontaobhacha, sa bhreis orthu sin atá in 11471/24, a dhéanamh.

Ba cheart na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle, a luaithe is féidir, **agus ar a dhéanaí faoi 11.00, Dé hAoine, an 28 Meitheamh 2024**. Ba cheart na freagraí a sheoladh le ríomhphost chuig LIFE.fisheries@consilium.europa.eu